



An Bhruiséil, 23 Feabhra 2026
(OR. en)

6477/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0115 (COD)

CODEC 258
EF 35
ECOFIN 215
ECB

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/49/AE a mhéid a bhaineann le raon feidhme cosanta taiscí, úsáid cistí scéimeanna ráthaithe taiscí, comhar trasteorann agus trédhearcacht (an chéad léamh) - Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle

1. An 18 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 53(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 12 Meitheamh 2023².
3. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 5 Iúil 2023³.
4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024⁴.

¹ 8483/23 + ADD 1 go 3.

² 10596/23.

³ 11557/23.

⁴ 10669/24.

5. An 5 Samhain 2025, dhearbhaigh Coiste Parlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Treoir thuasluaite, tar éis teagmhálacha neamhfhoirmiúla a bheith ann idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Parlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhorghabháil (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air⁵.
6. Dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach an 12 Samhain 2025 ⁶.
7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle an seasamh ar an gcéad léamh uithi mar a leagtar amach in 15484/25, agus an ráiteas ar chúiseanna mar a leagtar amach in 15484/25 ADD 1 a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Eastóin ag staonadh ón vótáil.

⁵ 15146/25.

⁶ 15011/25 ADD 3.